# Rannta – Pacáiste 3

Comhar Naíonraí na Gaeltachta


Tic Toc 1



Is Mise... 2




Tá Leoraí Mór Ag Teacht 3



Ring A Ring A Rósaí 4



Dhá Éinín Bheaga 5



Cé Mhéad Atá An Madra 6



Dilín ó Deamhas 7



1,2,3 Caitín 8



Odhrán Beag 9



Mú Mú A Deir An Bhó 10



Clódóirí CL Print - 091-506597

# Tic Toc



Tic toc, tic toc,
Sin é clog mo dhaidí,
Tic toc, tic toc,
Sin é clog mo dhaidí.

Tic toc, Tic toc,
Sin é clog mo mhamaí,
Tic toc, tic toc tic.


Comhar Naíonraí na Gaeltachta

# Is Mise...

Is mise an madra,
bhuf, bhuf, bhuf,



Is mise an chearc,
tiuc, tiuc, tiuc,



Is mise an bhó
mú, mú, mú,



Is mise an coileach
coca-dúdal-dúúú!



# Tá Leoraí Mór Ag Teacht

Tá leoraí mór ag teacht,
Tá leoraí mór ag teacht,
HÉ HÓ HÉ HÓ,
Tá leoraí mór ag teacht.

Tá bainteoir mór ag teacht,
Tá bainteoir mór ag teacht,
HÉ HÓ HÉ HÓ,
Tá bainteoir mór ag teacht.






Comhar Naíonraí na Gaeltachta

# Ring A Ring A Rósaí

Ring a ring a rósaí,
Pócaí lán de phósaí';
Tisiú Tisiú;
Is síos linn go léir.



Ring a ring a rósaí,
Pócaí lán de phósaí';
Tisiú Tisiú,
Is síos linn go léir.

# Dhá Éinín Bheaga

Dhá éinín bheaga,
Thuas ar an gcrann,
Seo é Peadar, Seo é Pól;
Imigh uaim a Pheadair,
Imigh uaim a Phóil.
Tar ar ais a Pheadair,
Tar ar ais a Phóil.



Comhar Naíonraí na Gaeltachta

# Cé Mhéad Atá An Madra Sin San Fhuinneog

Cé mhéad atá an madra sin san fhuinneog,
Bhuf Bhuf,
An ceann leis an eireaball bán.
Cé mhéad atá an madra sin san fhuinneog,
Bhuf Bhuf,
Meas tú an bhfuil sé le díol?



# Dilín ó Deamhas

***Curfá***
*Dilín ó deamhas ó deamhas,*
*Dilín ó deamhas ó dí;*
*Dilín ó deamhas ó deamhas*
*ó deamhas,*
*Ó Dilín ó deamhas ó dí.*

Cuirfead mo rún chun suain,
Cuirfead mo rún 'na luí;
Cuirfead mo rún chun suain
go ciúin,
Le dilín ó deamhas ó dí.

***Curfá....***

Is buachaill aniar aniar,
Is buachaill aniar an fear;
Is buachaill aniar aniar
aniar,
'S cailín ón sliabh a bhean.

***Curfá....***

Caithfimid suas is suas é,
Caithfimid suas an páiste;
Caithfimid suas is suas is
suas é,
'S tiocfaidh sé anuas
amárach.


***Curfá....***





# 1,2,3 - Caitín

A haon, a dó a trí,
Tá caitín ina luí;
Bígí ciúin, bígí ciúin,
Tá caitín ina luí.




A haon, a dó a trí,
Tá caitín ina shuí;
Is maith liom mo chaitín beag,
Beidh muid ag spraoi.



Comhar Naíonraí na Gaeltachta

# Odhrán Beag

Tá Odhrán beag ag dul ar scoil,
Ag dul ar scoil, ag dul ar scoil,
Tá Odhrán beag ag dul ar scoil,
Sona, sásta.



Tá Odhrán beag ag léim anois,
Ag léim anois, ag léim anois,
Tá Odhrán beag ag léim anois,
Sona, sásta.



Tá Odhrán beag ag ithe lóin,
Ag ithe lóin, ag ithe lóin,
Tá Odhrán beag ag ithe lóin,
Sona, sásta.




Tá dineasár ag Odhrán beag,
Ag Odhrán beag, ag Odhrán beag,
Tá dineasár ag Odhrán beag,
Sona, sásta.




# Mú Mú A Deir An Bhó

Mú Mú a deir an bhó,
'S í ag siúl isteach sa chró;
Mú Mú a deir an bhó,
'S í ag siúl isteach sa chró.



Mú Mú a deir an bhó,
'S í ag siúl isteach sa chró;
Mú Mú a deir an bhó,
'S í ag siúl isteach sa chró.





Comhar Naíonraí
na Gaeltachta